


# GCSE



TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ  
GCSE CCEA

## Stair

Aonad 1 Roinn A Rogha 1:  
An Saol i nGearmáin na Naitsithe, 1933–45

**Paca Acmhainní:**

An Ghearmáin sa chogadh – An saol sa  
Ghearmáin le linn An Dara Cogadh  
Domhanda



# Rogha 1: An Saol i nGearmáin na Naitsithe, 1933–45

## Réamhrá don Phaca Acmhainní

Forbraíodh an paca seo le tacaíocht a thabhairt don teagasc agus fhoghlaim de ‘*Saol i nGearmáin 1933-45*’ agus go háirithe, an t-inneachar nua don rogha seo: ‘*An Ghearmáin sa chogadh: An saol sa Ghearmáin le linn An Dara Cogadh Domhanda.*’ Is é inneachar na sonraíochta don ábhar seo:

<b>An saol sa Ghearmáin le linn An Dara Cogadh Domhanda</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• tionchar an chogaidh ar mhuintir na Gearmáine</li><li>• aer-ruathair agus buamáil</li><li>• ollchogadh agus ciondáil</li><li>• ganntanas oibrithe agus ról na mban san ionad oibre</li></ul>
-------------------------------------------------------------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Tá roinn 'treoir do mhúinteoirí' ann do gach gníomhaíocht, le cois 'treoracha do dhaltaí'. Cuirtear eolas achomair chúlra gach gníomhaíochta ar fáil fosta. Cuireann gach gníomhaíocht deiseanna ar fáil riachtanais reachtúla scileanna Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 4 a fhorbairt le cois na scileanna a mbeifear ag súil go léireoidh daltaí sa scrúdú don rogha seo:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar eochairghnéithe agus saintréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar orthu (CM1); agus
- míniú agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag úsáid coincheapa stairiúla den dara hord lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, tábhacht, cosúlachtaí agus eagsúlachtaí (CM2).

## Faisnéis Chúlra an ábhair

Bhí rath ar airm na Gearmáine i dtréimhse luath an chogaidh, 1939-41, agus dá bharr, ba bheag drochthionchar a bhí ar an phobal sibhialtach. Mar gheall ar na beartaíochtaí rathúla Blitzkrieg, bhí an Ghearmáin in ann acmhainní a bhaint óna chríocha gafa amhail an Pholainn, an Ollainn agus an Bheilg. Cé gur tugadh an chiondáil isteach, bhí cothú níos fearr ag cuid mhór daoine le linn an chogaidh ná mar a bhí acu roimhe. Bhí buamáil na gComhghuaillithe sa tréimhse luath seo teoranta de thargaidí míleata agus tionsclaíocha, cé gur bhog an rialtas mná agus páistí go dtí an tuath in 1940 mar réamhchúram. Níor athraigh na Comhghuaillithe béim a mbuamála go dtí Feabhra 1942, nuair a chuir siad ‘hacharbhuamáil’ i bhfeidhm, rud nach ndearna idirdhealú idir comhraiceoirí agus neamhchomhraiceoirí. Mar sin de, ó 1942 ar aghaidh, d’éirigh feachtas buamála na gComhghuaillithe níos déine agus an RAF agus USAAF ag déanamh ionsaithe ar chathracha na Gearmáine maidin agus oíche. Ba mhór an tionchar a bhí aige seo ar mhuintir na Gearmáine – bhí aslonnu go dtí an tuath níos riachtanaí arís eile, mar a bhí amhlaidh maidir le tithíocht ionadaíoch. Chruthaigh an dá rud sin míshásamh i measc mhuintir na Gearmáine. Tháinig teannais aicmeacha agus reiligiúnacha chun tosaigh agus thit meanma an phobail. Scaradh teaghlaigh óna chéile leis na hoibríteoirí fireanna ag fanacht sna cathracha agus bhog máthracha agus a gcuid páistí go dtí an tuath. Rinneadh an cas níos measa arís eile mar gheall gur theip ar an rialtas i rith an chogaidh ar fad, tabhairt faoi ghanntanas na tithíochta cuí. Ina theannta sin, cailleadh 800,000 saol sibhialtacha mar thoradh ar fheachtais bhuamála na gComhghuaillithe agus, de réir mar a tháinig meath ar mheanma, mhéadaigh úsáid na dteaicicí sriantacha ag an riailréim Naitsíoch. Sin ráite, cé go raibh muintir na Gearmáine ag éirí ‘tinn tuirseach den chogadh’ de réir a chéile, níor éirigh le feachtais bhuamála na gComhghuaillithe a dtoil a bhriseadh ar fad.

Feabhsaíodh an aiste bia ag cuid mhór de mhuintir na Gearmáine nuair a tugadh córas na ciondála isteach roimh an chogadh. Bhí leisce ar an rialréim Naitsíoch athruithe móra a dhéanamh ar ghnáthleibhéal an chaithimh ag an phobal shibhialtach ar eagla go méadófaí an dearcadh frithchogaidh. D'oibrigh córas na ciondála go héifeachtach idir 1939 agus 1941 de bharr na pleanála luaithe seo agus níor fhulaing muintir na Gearmáine géar-ghanntanas bia go dtí 1945 cionn is go raibh an chogadh ag dul ar aghaidh go fóill.

Bhí ganntanas an lucht oibre ina fhadhb ag rialtas na Naitsithe le linn an chogaidh. Ba ríléir gur chóir mná a fhostú taobh san earnáil tionsclaíoch mar réiteach na faidhbe. Ach bhí idé-eolaíocht Naitsíoch in éadan a leithéid áfach agus mar thoradh, thit líon na n-oibríthe baineanna Gearmánacha in earnáil na tionsclaíochta idir 1939 agus 1941 i ndáiríre. Cuireadh le riachtanais na hearnála tionsclaíochta le hoibríthe de réir mar a chuaigh an cogadh ar aghaidh. Idir 1941 agus 1943 rinne an rialtas forógraí chun mná gan leanbh idir 17 agus 45 bliain d'aois a earcú isteach sa lucht saothair. D'ainneoin na mbeart faichillach seo, bhí an rialtas ag brath ar lucht saothair eachtrannach do mhórchuid an chogaidh agus níor earcaíodh mná isteach sa lucht oibre go forleathan go dtí samhradh 1944. Rinneadh mná a choinscríobh sna fórsaí armtha mar shaighdiúirí cúnta chomh maith ó 1943 ar aghaidh.

## Gníomhaíocht a hAon

Teideal: An saol sa Ghearmáin le linn An Dara Cogadh Domhanda

Príomhcheist: Cad é mar a chuaigh blianta an chogaidh i bhfeidhm ar mheanma mhuintir na Gearmáine?

### Treoracha do Dhaltaí

- \* SMAOINIGH – déan machnamh ar an fhaisnéis a múineadh duit cheana féin faoin tSaol sa Ghearmáin le linn an Dara Cogadh Domhanda. Déan na imeachtaí tábhachtacha le linn an chogaidh a mheabhairmhapáil, na himeachtaí a síleann tú a ndeachaigh i bhfeidhm ar mheanma mhuintir na Gearmáine.
- \* PÉIREÁIL – roinn do smaointe le páirtí agus cuir trí imeacht ar a laghad ó liosta do pháirtí le do MheabhairMhapa.
- \* ROINN – roinn do smaointe leis an rang uilig – tabhairfidh do mhúinteoir treoir duit tríd seo.
- \* FORBAIR – bain úsáid as teimpléad na n-imeachtaí (Teimpléad A) atá curtha ar fáil agus i gcuideachta do pháirtí, pléigh gach imeacht in ord croineolaíoch. Déan cinneadh an é gur chuir an t-imeacht le meanma agus le tacaíocht don chogadh nó an é gur bhain sé de agus déan an t-imeacht a dhathchódú ar do bhileog eolais. (Mar shampla – déan na himeachtaí a chuir le meanma a aibhsiú trí dhath buí a chur orthu agus cuir dath gorm ar na himeachtaí a bhain den mheanma).
- \* Breac na himeachtaí seo agus an tionchar acu ar Ghraf Meoin (Teimpléad B).
- \* Pléigh do chuid torthaí leis na baill eile sa rang agus teacht ar chomhréiteach faoi thionchar foriomlán an chogaidh ar shaol mhuintir na Gearmáine.

### Treoir do Mhúinteoirí

- \* Is féidir le múinteoirí eagarthóireacht a dhéanamh ar an liosta ullmhaithe agus pointí breise a chur leis.
- \* Priontáil cóip de gach teimpléad faoi choinne úsáid na ndaltaí.
- \* Chun idirdhealú a dhéanamh, thig le múinteoirí imeachtaí áirithe a thabhairt do ghrúpaí éagsúla ag brath ar a gcumas, seachas gach grúpa ag machnamh ar gach imeacht ar an liosta.
- \* Thig le múinteoirí díospóireacht a chur sa tsiúl sa rang leis an phlé ranga ag deireadh an taise a struchtúru.

## Gníomhaíocht a hAon


### Teimpléad A – an Ghearmáin sa chogadh

<i>Meán Fómhair 1939</i>	<i>Ionradh ar an Pholainn D'fhógair an Fhrainc agus an Bbreatain cogadh ar an Ghearmáin Cuireadh laghdú pá i bhfeidhm ar oibríthe na Gearmáine.</i>
<i>Deireadh Fómhair 1939</i>	<i>Treascairt na Polainne.</i>
<i>Geimhreadh 1939 – Earrach 1940</i>	<i>Bhí an geimhreadh crua mar gheall ar ganntanas guail.</i>
<i>Earrach – Samhradh 1940</i>	<i>Bua ar an Iorua, an Danmhairg, an Ollainn, an Bheilg.</i>
<i>Mí Iúil 1940</i>	<i>Diúltaíonn an Bhreatain do thairiscint síochána ó Hitler.</i>
<i>Lúnasa 1940</i>	<i>Thosaigh an RAF ag buamáil Beirlín.</i>
<i>Geimhreadh 1940</i>	<i>Ganntanas guail, praghsanna ag ardú.</i>
<i>Meitheamh 1941</i>	<i>Ionradh ar APSS.</i>
<i>Geimhreadh 1941</i>	<i>Fógraíodh go raibh bua ar an APSS sa chéad dul síos Líon na dtaismeach ag ardú Tugadh buillí don mhíleata ag Stalingrad.</i>
<i>Mí Mhárta 1942</i>	<i>Tosaíonn na Comhghuaillithe ar ollfheachtas buamála ar chatbracha na Gearmáine.</i>
<i>Eanáir 1943</i>	<i>Treascairt na Gearmáine ag Stalingrad.</i>
<i>Feabhra 1943</i>	<i>Combrac náisiún na Gearmáine i 'gCogadh Iomlán'.</i>
<i>Meitheamh 1944</i>	<i>Dul i dtír na gComhghuaillithe sa Normainn.</i>
<i>Bealtaine 1945</i>	<i>Geilleadh na Gearmáine.</i>

# Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad B – Graf meoin

Cad é mar a chuaigh blianta an chogaidh i bhfeidhm ar mheanma mhuintir na Gearmáine?



# Gníomhaíocht a Dó

**Teideal:** An saol sa Ghearmáin le linn An Dara Cogadh Domhanda

**Príomhcheist:** Cad é mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine?

## Treoracha do Dhaltaí

- \* Céim a hAon – gheobhaidh tú píosa páipéir le ráiteas scríofa air. Nuair a iarrtar ort, bog thart ar an tseomra agus roinn do ráiteas leis na daltaí eile.
- \* Céim a Dó – scríobh na ráitis a chluineann ó bhaill do ranga sna spásanna chuige sin faoi do ráiteas féin.
- \* Céim a Trí – cuirfidh do mhúinteoir sibh i ngrúpaí ag brath ar théama an bhunráitis a fuair sibh. Beidh oraibh cinneadh a dhéanamh mar ghrúpa ar an dóigh a ndeachaigh toisc s’agaibh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine le linn an chogaidh.
- \* Céim a Ceathair – ainmnigh urlabhraí don ghrúpa – roinnfidh sé/sí bhur n-ideanna leis an rang.
- \* Céim a Cúig – le treoir ó bhur muinteoir – comhlánaigh an teimpléad leis an teideal Pléigh na Tosca uile. Liostaigh na tosca uilig faoin cholún ar chlé agus déan cinneadh faoin tionchar acu sa cholún ar dheis.

## Treoir do Mhúinteoirí

- \* Priontáil amach na cártaí (Teimpléad C) faoi choinne úsáid na ndaltaí. B’fhéidir gur mhaith leat an teimpléad a mhéadú go dtí A3 le níos mó spáis a thabhairt do na daltaí le scríobh air.
- \* Téann daltaí thart faoin tseomra, ag roinnt agus smaointe/ráiteas ó bhaill eile den ranga agus smaointe/ráitis iad chur i dtoll a chéile.
- \* Roinn na daltaí i dtrí ghrúpa faoina teidéal seo a leanas – ciondáil/ganntanas lucht saothair agus ról na mban/aerúathair agus buamáil.
- \* Iarr ar na daltaí na tuairimí éagsúla a phlé agus obair a dhéanamh ar achoimre na smaointe a bhaineann lena bhfócas féin (ciondáil/ganntanas lucht saothair agus ról na mban/aer-ruathair agus buamáil) le roinnt leis an rang.
- \* Tabhair treoir do na daltaí leis an teimpléad Pléigh na Tosca uile a chomhlánú (Teimpléad D). Ba chóir príomhphointí a nótaíl faoi gach toisc (an colún ar chlé) agus ansin ba chóir breithiúnas tionchair a dhéanamh sa cholún ar thaobh na lámhe deise.
- \* Is féidir achoimre fhoriomlán ar thionchar an chogaidh ar mhuintir na Gearmáine a chuimsiú sa roinn ag bun an teimpléid.



# Gníomhaíocht a Dó

## Teimpléad C

### Tionchar na gcártaí ciondála

<p><i>Idir 1939 – 1941 d'éirigh le ciondáil agus ní raibb drochghanntanas bia ann.</i></p>	<p><i>Bhí ganntanas guail agus bróg ann go minic le linn an chogaidh.</i></p>
<p><i>Nuair a tugadh ciondáil isteach rinneadh cinnte de gur íth gach duine aiste bia cothromaithe i dtús báire. Bhí aiste bia níos fearr ag cuid mhór daoine le linn an chogaidh ná roimh an chogadh.</i></p>	<p><i>Bhí ganntanais bhia thrombchúiseacha sa Ghearmáin faoi 1945.</i></p>
<p><i>Rinne rialréim na Naitsithe athdháileadh ar mhuintir na Gearmáine de na solárthairtí bia a fuarthas i gcriche nua ghafa.</i></p>	

## Teimpléad C

### Cártaí ar thionchar na nganntanas lucht oibre agus ar ról na mban san áit oibre

<p><i>An leisce a bhí ann mná a fhostú sa tionsclaíocht mar gheall ar idéolaíocht na Naitsithe.</i></p>	<p><i>1941 – Rinneadh forógra go raibh ar gach bean a fuair an sochar líúntas teagblaigh agus a d'éirigh as an obair ach ní raibh páistí acu, bheadh orthu clárú don obair arís.</i></p>
<p><i>1943 – Rinneadh forógra go raibh ar gach bean idir 17 – 45 bliana d'aois clárú don obair.</i></p>	<p><i>1943 – Bhí cuid mbór díolúintí ón fhorógra oibre – mná torracha, máthreacha le beirt páistí nó níos mó, mná chéile feirmeoirí.</i></p>
<p><i>De réir mar a chuaigh an cás chun donais, earcaíodh cuid mbór ban arís eile sa lucht oibre.</i></p>	<p><i>Rinneadh mná a choinscríobh sna fórsaí armtha mar shaighdiúirí cúnta ó 1943 ar aghaidh.</i></p>
<p><i>Thit líon na n-oibrithe baineanna Gearmánacha sa tionsclaíocht idir 1939 – 41.</i></p>	

## Teimpléad C

### Cártaí ar thionchar na n-aer-ruathar agus na buamála

<p><i>1942 – Feachtas Ollbhuamála na gComhghuaillithe. Rinne an RAF ionsaithe ar chathracha na Gearmáine san oíche, rinne USAAF ionsaithe sa lá.</i></p>	<p><i>Maraíodh thart ar 800,000 sibbialtaib i rathbair bhuanála de chuid na gComhghuaillithe.</i></p>
<p><i>Thit 50 faoin chéad de na buamaí ar cheantair chónaithe, agus thit 12 faoin chéad ar mbonarchana agus ar thionscail chogaidh.</i></p>	<p><i>Thosaigh aslonnú ban agus páistí óna cathracha i 1942.</i></p>
<p><i>D'éirigh ganntanais tithíochta ina cheist mhór do mbuintir na Gearmáine le linn an chogaidh.</i></p>	<p><i>Bhain riailréim na Naitsithe úsáid as teaicticí sriantacha níos minice i gcoinne na saoránach siúd a léirigh dearcadh 'díomuach'.</i></p>
<p><i>In ainneoin an bhuanáil rialta, lean oibrithe leo ag dul isteach san áit oibre go dtí deireadh 1944.</i></p>	<p><i>Níor éirigh leis na feachtais bhuanála meanma mbuintir na Gearmáine a bhriseadh go biomlán.</i></p>

## Gníomhaíocht a Dó

Teimpléad D – Plé na Tosca uile

Cad é mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine?

*Aer-ruathair agus buamáil*

*Cad é mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine?*

*Ciondáiil*

*Cad é mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine?*

*Ganntanais lucht oibre agus ról na mban san áit oibre*

*Cad é mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine?*

*Tríd is tríd, sílim...*